Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 22 Feabhra 2021
(OR. en)

6329/21

FISC 33
ECOFIN 153

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 5922/21 FISC 19 ECOFIN 97 + COR1 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach, a d'fhormheas an Chomhairle ag an gcruinniú a bhí aici an 22 Feabhra 2021.

<u>**IARSCRÍBHINN**</u>

**Conclúidí ón gComhairle**

**maidir le liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach**

Maidir le Comhairle an Aontais Eorpaigh,

1. TUIGEANN SÍ an comhar táirgthe leanúnach i ndáil le cúrsaí cánach idir Meitheal an Aontais um an gCód Iompair maidir le Cánachas Gnó ('an Mheitheal um an gCód Iompair') agus formhór na ndlínsí ar fud an domhain chun prionsabail an dea-rialachais cánach a chur chun cinn ar fud an domhain;

2. IS DÍOL SÁSAIMH DI an dul chun cinn atá déanta sna dlínsí ábhartha trí bhíthin na gcéimeanna gníomhacha a tógadh faoi na spriocdhátaí a comhaontaíodh chun na heasnaimh a réiteach a shainaithin an Mheitheal um an gCód Iompair agus CUIREANN SÍ I dTREIS go rannchuidíonn na céimeanna sin le sásraí dea-rialachais cánach a neartú, le cánachas cothrom, le trédhearcacht chánach dhomhanda agus le calaois cánach, imghabháil cánach agus seachaint cánach a chomhrac, ar leibhéal an Aontais agus ar fud an domhain araon;

3. ADMHAÍONN SÍ go bhfuil tionchar ag paindéim COVID-19 atá ann i gcónaí ar chumas a lán dlínsí gealltanais nua a thabhairt nó na gealltanais a thug siad roimhe seo a chomhlíonadh, agus ar mhodhanna oibre foriomlána na Meithle um an gCód Iompair chomh maith;

4. IARRANN SÍ AR ar an Meitheal leanúint de dhul chun cinn a dhéanamh leis na saincheisteanna go léir atá fós gan réiteach agus a ndearna paindéim COVID-19 difear dóibh d'fhonn iad a thabhairt chun críche a luaithe is féidir agus tús a chur leis an bplé ar iarrataí ar ghealltanais a d'fhéadfadh teacht ó dhlínsí nuair is iomchuí;

5. IS OTH LÉI nach bhfuil céimeanna leordhóthanacha tógtha ag roinnt dlínsí chun a ngealltanais a chur chun feidhme faoin spriocdháta a comhaontaíodh, nó nach bhfuil siad rannpháirteach in idirphlé fóinteach a d'fhéadfadh na gealltanais sin a ghiniúint agus IARRANN SÍ ar na dlínsí sin oibriú leis an Meitheal um an gCód Iompair chun na saincheisteanna atá fós gan réiteach a réiteach;

6. IS OTH LÉI go háirithe nach bhfuil dul chun cinn ábhartha déanta ag an Tuirc chun malartú faisnéise uathoibríoch le Ballstáit uile an Aontais a chur chun feidhme go héifeachtach, agus dá dheasca sin, nár chomhlíon sí go fóill, gach gealltanas a rinne sí prionsabail an dea-rialachais cánach a chur chun feidhme mar a leagtar amach sa Tuarascáil ón Meitheal um an gCód Iompair; TUGANN SÍ DA hAIRE gur gníomhachtaíodh an malartú faisnéise le 21 Bhallstát de chuid an Aontais agus go bhfuil sé beartaithe tús a chur leis, amhail ó 2022, le 5 Bhallstát de chuid an Aontais; IS OTH LÉI nár tugadh aon fhianaise go raibh aon mhalartú éifeachtach sonraí ann ón Tuirc chuig aon cheann de na Ballstáit; CUIREANN SÍ I bhFIOS GO LÁIDIR nach ndearnadh aon dul chun cinn maidir le malartú faisnéise le Ballstát amháin; ATHDHEARBHAÍONN SÍ gur coinníoll é an malartú éifeachtach faisnéise leis na Ballstáit uile chun go gcomhlíonfaidh an Tuirc critéar 1.1 de liosta an Aontais i gcomhréir le Conclúidí mhí Feabhra 2020 ón gComhairle; IARRANN SÍ ar an Tuirc lán-ghealltanas a thabhairt ar ardleibhéal polaitiúil faoin 31 Bealtaine 2021, a caidreamh um malartú faisnéise uathoibríoch leis na 6 mBallstát atá fágtha a ghníomhachtú go héifeachtach faoin 30 Meitheamh 2021; I gcás na 27 mBallstát, ní mór an fhaisnéis don bhliain fhioscach 2019 a sheoladh tráth nach déanaí ná an 1 Meán Fómhair 2021 agus ní mór an fhaisnéis i gcomhair na mblianta fioscacha 2020 agus 2021 a sheoladh i gcomhréir le féilire ECFE le haghaidh malartú uathoibríoch faisnéise agus in aon chás tráth nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair 2021 agus an 30 Meán Fómhair 2022 faoi seach; LUANN SÍ go gcomhlíonfaí na coinníollacha chun go liostófaí an Tuirc in Iarscríbhinn I faoi chritéar 1.1 dá gcaillfí aon cheann den chúig sprioc-am thuasluaite; IARRANN SÍ ar an Meitheal fógra faoin iarraidh sin a thabhairt don Tuirc, leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir le malartú éifeachtach faisnéise leis na Ballstáit uile agus an Chomhairle a chur ar an eolas maidir lena bhfuil ag titim amach i ndáil leis sin agus, ag an am céanna, leanúint dá hidirphlé leis an Tuirc ar an ábhar sin agus LUANN SÍ go ndéanfaidh an Chomhairle an cinneadh is gá maidir leis an liostú i mí Dheireadh Fómhair 2021 bunaithe ar an anailís a dhéanfaidh an Mheitheal ar chomhlíonadh na Tuirce agus déanfaidh sí athscrúdú ar an gcinneadh sin tar éis an spriocdháta deiridh thuasluaite;

7. FORMHEASANN SÍ Tuarascáil COCG a leagtar amach in 6223/21;

8. FORMHEASANN SÍ dá réir sin liosta athbhreithnithe an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach ('liosta an Aontais') a leagtar amach in Iarscríbhinn I;

9. FORMHUINÍONN SÍ staid na himeartha mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II í i ndáil le gealltanais a thug dlínsí comhoibríocha chun prionsabail an dea-rialachais cánach a chur chun feidhme;

10. IARRANN SÍ ar institiúidí an Aontais agus ar na Ballstáit, de réir mar is iomchuí, leanúint de liosta athbhreithnithe an Aontais, a leagtar amach in Iarscríbhinn I, a chur san áireamh sa bheartas eachtrach, sa chaidreamh eacnamaíoch agus sa chomhar um fhorbairt leis na tríú tíortha ábhartha, gan dochar do réimsí inniúlachta na mBallstát agus an Aontais faoi seach mar a d'eascair ó na Conarthaí.

**IARSCRÍBHINN I**

## Liosta an Aontais de dhlínsí neamh-chomhoibríocha chun críoch cánach

### 1. Samó Mheiriceá

Ní chuireann Samó Mheiriceá aon mhalartú uathoibríoch faisnéise airgeadais i bhfeidhm, níor shínigh sé ná níor dhaingnigh sé, lena n-áirítear tríd an dlínse a bhfuil siad ag brath uirthi, an Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach arna leasú, níor gheall sé íoschaighdeáin BEPS a chur i bhfeidhm ná níor gheall sé go dtabharfaí aghaidh ar na saincheisteanna sin.

### 2. Anguilla

Níl rátáil 'mórchomhlíontach' ar a laghad ag Anguilla ón bhFóram Domhanda maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun críoch Cánach chun Faisnéis a Mhalartú arna Iarraidh sin agus níl an tsaincheist sin réitithe go fóill aige.

### 3. Doiminice

Níl rátáil 'mórchomhlíontach' ar a laghad ag Doiminice ón bhFóram Domhanda maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun críoch Cánach chun Faisnéis a Mhalartú arna Iarraidh sin agus níl an tsaincheist sin réitithe go fóill aige.

4. **Fidsí**

Ní comhalta í Fidsí den Fhóram Domhanda maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun críoch Cánach (ʻan Fóram Domhanda'), níor shínigh sí ná níor dhaingnigh sí an Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach arna leasú, tá córais chánach fhabhracha dhíobhálacha aici, níl sí ina comhalta den Chreat Cuimsitheach um Chreimeadh an Bhoinn agus Aistriú Brabúis ná níor chuir sí íoschaighdeáin ECFE frith-BEPS i bhfeidhm agus níl na saincheisteanna sin réitithe go fóill aici.

5. **Guam**

Ní chuireann Guam aon mhalartú uathoibríoch faisnéise airgeadais i bhfeidhm, níor shínigh sé ná níor dhaingnigh sé, lena n-áirítear tríd an dlínse a bhfuil sé ag brath uirthi, an Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach arna leasú, níor gheall sé íoschaighdeáin BEPS a chur i bhfeidhm ná níor gheall sé go dtabharfaí aghaidh ar na saincheisteanna sin.

6. **Oileáin Palau**

Ní chuireann Oileáin Palau aon mhalartú uathoibríoch faisnéise airgeadais i bhfeidhm, níor shínigh siad ná níor dhaingnigh siad an Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach arna leasú, agus níl na saincheisteanna sin réitithe go fóill acu.

7. **Panama**

Níl rátáil 'mórchomhlíontach' ar a laghad ag Panama ón bhFóram Domhanda maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun críoch Cánach chun Faisnéis a Mhalartú arna Iarraidh sin agus níl an tsaincheist sin réitithe go fóill aige.

**8. Samó**

Tá córas cánach fabhrach díobhálach ag Samó agus níl an tsaincheist sin réitithe go fóill aige.

**9. Na Séiséil**

Tá córais chánach fhabhracha dhíobhálacha ag na Séiséil agus níl na saincheisteanna sin réitithe go fóill acu.

Ina theannta sin, níl rátáil 'mórchomhlíontach' ar a laghad ag na Séiséil ón bhFóram Domhanda maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun críoch Cánach chun Faisnéis a Mhalartú arna Iarraidh sin agus níl an tsaincheist sin réitithe go fóill acu.

**10. Oileán na Tríonóide agus Tobága**

Ní chuireann Oileán na Tríonóide agus Tobága aon mhalartú uathoibríoch faisnéise airgeadais i bhfeidhm, níl rátáil 'mórchomhlíontach' ar a laghad acu ón bhFóram Domhanda maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun críoch Cánach chun Faisnéis a Mhalartú arna Iarraidh sin, níor shínigh siad ná níor dhaingnigh siad an Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach arna leasú, tá córais chánach fhabhracha dhíobhálacha acu, agus níl na saincheisteanna sin réitithe go fóill acu.

**11. Ógh-Oileáin na Stát Aontaithe**

Ní chuireann Ógh-Oileáin na Stát Aontaithe aon mhalartú uathoibríoch faisnéise airgeadais i bhfeidhm, níor shínigh sé ná níor dhaingnigh sé, lena n-áirítear tríd an dlínse a bhfuil siad ag brath uirthi, an Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach arna leasú, tá córais chánach fhabhracha dhíobhálacha acu, níor gheall sé íoschaighdeáin BEPS a chur i bhfeidhm ná níor gheall sé go dtabharfaí aghaidh ar na saincheisteanna sin.

## 12. Vanuatú

Níl rátáil 'mórchomhlíontach' ar a laghad ag Vanuatú ón bhFóram Domhanda maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun críoch Cánach chun Faisnéis a Mhalartú arna Iarraidh sin, éascaíonn sé struchtúir agus socruithe amach ón gcósta arb é is aidhm dóibh brabúis nach bhfuil aon fhíorshubstaint eacnamaíoch ag baint leo a mhealladh, agus níl an tsaincheist sin réitithe go fóill aige.

**IARSCRÍBHINN II**

**Staid na himeartha maidir leis an gcomhar leis an Aontas i ndáil le gealltanais a thug dlínsí comhoibríocha chun prionsabail an dea-rialachais cánach a chur chun feidhme**

1. **Trédhearcacht**

1.1. *Gealltanas an malartú uathoibríoch faisnéise a chur chun feidhme, trí Chomhaontú Iltaobhach na nÚdarás Inniúil a shíniú nó trí chomhaontuithe déthaobhacha*

Meastar go dtabharfaidh an dlínse seo a leanas gealltanas ar ardleibhéal polaitíochta faoin 31 Bealtaine 2021, agus go ngníomhachtóidh sí go héifeachtach a caidreamh um malartú faisnéise uathoibríoch leis na 27 mBallstát uile faoin 30 Meitheamh 2021, de réir na hamlíne dá dtagraítear i mír 6 de na Conclúidí seo ón gComhairle.

**An Tuirc**

1.2. *Comhaltas san Fhóram Domhanda maidir le Trédhearcacht agus Malartú Faisnéise chun críoch Cánach ('an Fóram Domhanda') agus rátáil shásúil i ndáil le malartú faisnéise arna iarraidh sin*

Tá an dlínse seo a leanas, a thug gealltanas rátáil leormhaith a bhaint amach faoi dheireadh 2018, ag fanacht ar athbhreithniú forlíontach ón bhFóram Domhanda:

**an Tuirc**

Tá an tír seo a leanas atá i mbéal forbartha agus gan aon lárionad airgeadais, a thug gealltanas rátáil leormhaith a bhaint amach faoi dheireadh 2019, ag fanacht ar athbhreithniú forlíontach ón bhFóram Domhanda:

**an Bhotsuáin**

Tá an tír seo a leanas ar fanacht ar athbhreithniú forlíontach ón bhFóram Domhanda:

**Barbadós**

1.3. *Shínigh agus dhaingnigh Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach nó líonra comhaontuithe lena gcumhdaítear Ballstáit uile an Aontais*

Na tíortha seo a leanas atá i mbéal forbartha agus gan aon lárionad airgeadais, a bhfuil dul chun cinn nach beag déanta acu lena gcuid gealltanas a chomhlíonadh, tugadh go dtí an 31 Nollaig 2020 dóibh chun Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach a shíniú agus go dtí an 31 Nollaig 2021 chun é a dhaingniú:

**an Bhotsuáin, Eswatini, an Iordáin, an Téalainn**

An tír seo a leanas atá i mbéal forbartha agus gan aon lárionad airgeadais, a bhfuil dul chun cinn déanta aige lena chuid gealltanas a chomhlíonadh, tugadh go dtí an 30 Aibreán 2021 dó chun Coinbhinsiún Iltaobhach ECFE maidir le Cúnamh Riaracháin Frithpháirteach a shíniú agus go dtí an 31 Nollaig 2021 chun an é a dhaingniú:

**Oileáin Mhaildíve**

2. **Cánachas Cothrom**

2.1. *Córais chánach dhíobhálacha atá ann*

An dlínse seo a leanas, a thug gealltanas go ndéanfadh sí a córas díobhálach cánach a leasú nó a dhíothú faoi dheireadh 2019, ach ar cuireadh cosc uirthi é sin a dhéanamh de dheasca próiseas moillithe i bhFóram ECFE maidir le Cleachtais Chánach Dhíobhálacha, tugadh go dtí deireadh 2021 di chun a reachtaíocht a oiriúnú:

**an Astráil**

An dlínse seo a leanas, a bhfuil dul chun cinn nach beag déanta aici an gealltanas a thug sí a córas cánach díobhálach a leasú nó a dhíothú, tugadh go dtí an 31 Nollaig 2021 di chun an gealltanas sin a chomhlíonadh:

**An Iordáin**

An dlínse seo a leanas, a thug gealltanas a córas cánach díobhálach a leasú nó a dhíothú, tugadh go dtí an 31 Nollaig 2022 di chun a reachtaíocht a oiriúnú:

**Iamáice**